# Dinglis faoin gCraiceann! Mac Mathúna, Joyce agus Merriman in Aon Aisling Amháin

**Hilary Mhic Suibhne**

An Scríbhneoireacht Chruthaitheach
Tuigtear go minic, go háirithe i saol an mhic léinn bhoicht, go maireann na cineálacha scríbhneoireachta difriúla taobh thiar de theorainneacha, iad scartha go leor óna chéile, cé acu prós, gearrscéalta, filíocht, nó úrscéalta a bhíonn i gceist. Ach is féidir le prós a bheith fileata, gearrscéal a chur in úrscéal, cuma phróis a chur ar fhilíocht gan trácht ar úsáid a bhaint as an smaoineamh céanna mar fhoinse i ngach gairm scríbhneoireachta. Bíonn scríbhneoireacht chomh solúbtha le feidhmiú na haigne, mar sin is tairbhe é brú a chur ar na claíocha idir na seánraí liteartha chun solúbthacht na scríbhneoireachta féin a nochtadh.
Tá cuma phróis ar an ngearrscéal seo ar dtús, níl sé soiléir go bhfuil carachtar áirithe á aithris – tá gach rud faoi smacht taobh istigh den chlaí aige. Ach tagann smaointe agus carachtair chun solais ó sheánraí éagsúla a bhíonn ag dó na geirbe aige. Níl siadsan faoi smacht aige ar chor ar bith! Críochnaíonn an scéal le nod chuig seánra an ghearrscéil féin mar a thuigtear é; go tobann agus le míniú.

---

Deirtear gur tháinig imeachtaí gnáthdhaoine chun solais le teacht an ghearrscéil ar an saol mar fhoirm liteartha. Is minic nach bhfeictear i ngearrscéalta ar leibhéal amháin ach imeachtaí síorghnácha, ní eachtraí móra loinneacha go fisiciúil a bhíonn i gceist de ghnáth, agus ar cheann de na príomhthréithe atá coitianta tá go dtagann éifeachtacht i scéal trí chasadh inmheánach éigin a tharlaíonn de bharr mhúscailt feasa an phríomhcharachtair in ionad aon eachtra mhór. Ní gá ábhar spreagúil a bheith ann ach caithfidh go bhfuil teachtaireacht fhiúntach ann, fiú muna bhfuil sé soiléir go dtí an abairt dheireanach.

—*Nach bhfuil a fhios ag cách an cacamas seo cheana féin?*

Ní thugtar mórán airde ar ghreann sa Ghaeilge áfach, ní fhaigheann greann sa Ghaeilge an solas poiblí ar an leibhéal céanna agus a fhaigheann gruaim. Ach is minic a bhíonn an iomarca gruaime bainteach le gearrscéalta na Gaeilge, rud a chuireann le drochmheonta i leith na teanga féin. Is aistear é an saol agus ba bhrónach é gan ghreann. Nach brónach agus fada aon aistear gan spraoi de shaghas éigin ann?

—*Ní fheadar go mbaintear pléisiúr as aistear gan spraoi, ach amháin dúil é a bheith críochnaithe!*

Is í an fhéith ghrinn atá ag an gcine daonna an tréith is tábhachtaí atá ann, agus is minic a chabhraíonn sé an dé a choimeád i ndaoine áirithe trí anróití an tsaoil. Nach bhfuil sé ráite gurb é gáire an leigheas is fearr, ach, ar dhréimire na healaíne sa teanga Ghaeilge bíonn greann thíos ar chéim íseal de ghnáth.

—*Dar ndóigh, ní hé an greann amháin a bhíonn in easnamh ag lucht na Gaeilge!*

*Nár luaigh Nuala Ní Dhomhnaill lá go ndúirt bean léi uair amháin go raibh ionadh uirthi teacht ar thagairt do chúrsaí gnéis ina saothar, toisc gur thuig sí, (an créatúr), nach raibh gnéas ar bith sa Ghaeilge! Cén cineál ráiméise é sin? Níl inti ach teanga, fíric nach bhfuil forleathan! Baineann gach cineál faidhbe leis an diabhal teanga seo!*

An fhadhb atá ann ná go gciallaítear greann le héadrom an chuid is mó den am, fíric nach bhfuil i gcónaí fíor. Bhíodh an gearrscéal tógtha le gruaim, uaigneas agus brón mar ba iad príomh-mhothúcháin na tíre iad thar thréimhse dhorcha san fhichiú haois déag – tréimhse mhór an ghearrscéil, dar le Seán Mac Mathúna. Ach bíonn daoine ag lorg scéalta i gcónaí, ó thús an tsaoil go deireadh, agus, dar leis, níl deacracht ar bith ag scríbhneoirí maithe teacht ar inspioráid mar maireann sé gach áit umpu. Cé go bhfuil clú agus cáil ar an Mathúnach mar ghearrscéalaí braitheann sé féin gur drámadóir é go nádúrtha, ach ina ainneoin sin deir sé go

raibh air cruth an ghearrscéil a chur ar a chuid oibre toisc ní ba mhó éilimh ar ghearrscéalta ag an am san agus bhí air dul leis an taoide.

*—Hmm… Is minic a fheictear tionchar a ghutha drámaíochta ina chuid oibre ceart go leor.*

Léirítear ciall cheannaithe an ghnáthshaoil agus teacht in aois go hiondúil i ngearrscéalta, go háirithe i saothar Mhic Mhathúna. Ní bhíonn drogall air ómós a thabhairt do thréithe liteartha ársa in Éirinn chomh maith trí theagmhálacha le finscéalaíocht agus le forbairtí filíochta ón séú agus ón seachtú haois déag. Ag an am céanna bíonn an-mheas aige ar fhorbairtí nua-aimseartha i scríbhneoireacht, gan phearsantacht agus gan féinspéiseachas an scríbhneora a bheith le braistint iontu.

*—Nua-aoiseachas i nGaeilge? B'fhéidir é.*

Is é cás fhir na cruinne agus iad faoi dhiansmacht na mban idir chorp agus anam a bhíonn mar théama ag an triúr acu; Merriman in *Cúirt an Mheán Oíche,* Joyce in *Ulysses* agus Mac Mathúna in *Accelerated Curriculum*. Bíonn suim ag laochra na scéalta seo i bpionós corpartha i ngan fhios dóibh féin in amanna, is iad mná a bhíonn sa chathaoir bhreithiúnais orthu agus i gceannas an phionóis. Tagann an teagmháil idir scanradh agus sásamh i gcúrsaí gnéis chun solais go rialta iontu chomh maith.

—

Ba é Merriman in *Cúirt an Mheán Oíche* sa bhliain míle seacht gcéad ochtó a chuir casadh grinn ar an Aisling mar fhoirm liteartha. Feictear an príomhcharachtar, an t-údar féin, agus é ina scafánta d'fhir de réir dealraimh, ag glacadh néal codlata taobh amuigh tráthnóna, lá breá síochána. Faraor, in ionad ghnáthbhrionglóid na haislinge tagann tromluí air. Gabhtar ina phríosúnach é, agus cuirtear os comhair chúirt na mban san Fhiacail, Contae an Chláir é. Is í

bean darb ainm Aoibheal atá i gceannas na cúirte. Ar dtús tá ar an údar éisteacht le gearán na bruinnille Caitlín faoi, agus faoina leithéid d'fhear. Mar níl suim acu a bheith ag suirí le mná óga na tíre ná iad a phósadh. B'fhearr leo fanacht saor ó chúram agus seanmhná saibhre a roghnú mar pháirtithe.

—*Mná damanta, b'fhéidir nach raibh mórán ama aige siúd, abair dá raibh sé ag imirt iomána mar shampla? Bhuel, ní raibh an Cumann Lúthchleas Gael acu ag an am san, ach nach raibh iomáint ann? Ní féidir a bheith ag suirí le mná óga san oíche má bhraitheann an fhoireann ort an lá dár gcionn!*

Bíonn na mná óga go léir fágtha ar leataobh ag na fir óga gan caidreamh collaí ar bith acu ach amháin le seanóirí caite críona:

"Ba dubhach an fuadar suairceas oíche
Smúit is ualach duais is líonadh
Lúithne luaidhe agus guaillí caol
is glúine crua chomh fual le hoidhre
Cosa feoite dóite ón ngríosach
Is colainn bhreoite dhreoite chríona." (línte 678- 684)

Ansin tagann seanóir isteach sa chúirt mar chosantóir na bhfear, ach teipeann ar a chás go hiomlán, ní nach ionadh. Tá an lá ag na mná.

—*I gcónaí. Mar is dual dá leithéidí.*

Tá an focal deireanach ag an mbreitheamh Aoibheal agus bronnann sise pionós ar an bhfile, agus athraíonn dlí na tíre dá bharr. Fágann sí faoi na mná óga é an phianbhreith a chur i bhfeidhm, ach tugann sí treoracha áirithe dóibh:

1. I gcás an fhir óig ordaíonn sí *"Feannaigí a dhroim is a choim le corda"* (líne 876)

2. I gcás an tseanóra deir sí *“Is beag liom bás gan barrghoin pian dóibh”* (líne 890)

3. Agus deir sí go mba chóir *“Fódla a ghlanadh ón sórt seo fiaile”* (líne 920)

4. Tugann sí cead do na daoine óga a gcraiceann a bhualadh! *“Ligtear an óige i gcóir chun síolraigh”(*líne 895)

Ansin déanann ionadaithe mhná óga na hÉireann, Áine, Máire, Muireann, Meadhbh, Sadhbh agus Síle, scrúdú géar ar cholainn an fhile fad is atá seisean ag crith agus scanradh a anama air roimh pé pianadh atá os a chomhair uathu. Tosaíonn an t-ionsaí, ardaíonn siad an sciúirse agus ar aghaidh leo leis an sádachas.

—*Tá na mná sin barbartha amach is amach, ní fheadar cén fáth go bhfuil an dán seo chomh mór le rá.*

Thug Joyce meangadh aithne do shaothar Merriman le himeachtaí Leopold Bloom in *Ulysses*. Is féidir a rá gur bailiúchán gearrscéalta é an leabhar seo mar seasann gach mír a bheag nó a mhór ina haonar. Tugann Leopold cuairt ar Nighttown sa chúigiú caibidil déag. Is ceantar é Nighttown atá i mBaile Átha Cliath. Ach, seans maith go bhfuil sé i ndomhan eile ar fad, domhan na síthe, nó fiú nach bhfuil i gceist ach aisling! Tá Leopold ag taisteal in áit atá scanrúil agus sí-scéalach. Bíonn sceimhle air, bíonn sé i dtrioblóid le gach uile dhuine de dheasca cúiseanna difriúla: mar gur Éireannach é nach bhfuil ina Shasanach ceart! Mar gur fear é nach bhfuil in ann mná a shásamh!

—*An seanaphort!*

Gabhtar é agus cuirtear os comhair chúirt na mban é. Níl dul as, dar leo, ach pionós corpartha a chur air.

Mar a deir The Honourable Mrs Mervyn Talboys:

*"I will, by the God above me, I'll scourge the pigeonlivered cur as long as I can stand over him. I'll flay him alive."*

agus deir Mrs Bellingham:

*"Make him smart, Hanna dear. Give him ginger. Thrash the mongrel within an inch of his life. The cat-o'-nine tails. Geld him! Vivisect him.*[1]"

An difríocht is mó idir Leopold agus an file in *Cuairt an Mheán Oíche* ná cé go bhfuil eagla an domhain ar Leopold chomh maith leis an bhfile, baineann sé puinn suilt as an scanradh, cuireann sé sceitimíní air. Is cineál masacaigh é.

Tugann Seán Mac Mathúna ómós le greann agus drámaíocht do James Joyce agus Brian Merriman ina scéal *Accelerated Curriculum*. Is aonarán é Tadhg Ó Catháin, an príomhcharachtar; faraor níl mórán suime ag Tadhg i mná ná i bpósadh, ná i rud ar bith eile. Téann sé ar strae oíche amháin agus é ag siúl leis féin ar an mbealach abhaile chuig a theach féin. Bhí sé tar éis tráthnóna a chaitheamh ag imirt cártaí. Éiríonn sé ina chuaifeach gaoithe agus tagann sé chun staidéir i gcaisleán lán go doras de mhná uaisle, fleá agus féasta ar siúl acu ansin. Iarrtar air scéal a insint, nó veidhlín a sheinm nó damhsa leo, ach teipeann air rud ar bith a dhéanamh leo. Ní bhíonn siad sásta leis.

—*Nach féidir leo fir bhochta a fhágáil leo féin, na báirseoirí sáiteacha!*

Bronntar pionós air – pionós níos measa ná aon tromluí riamh, pionós a fhágann é *"fliuch, fuar agus sceimhlithe ina bheatha."* Leantar leis thar oíche, deintear lobhar as! Sa deireadh thiar thall foghlaimíonn sé conas deireadh a chur leis an Ifreann seo. Buaileann sé le "bean

---

1 Ulysses, The Gabler Edition (1993) lch 381

bhreá rua a raibh béilín aingil aici – ach diabhlaíocht ina súil."

—*Agus fágtar sinne leis an gceist....an bhfuil sé sábháilte nó caillte?*

Bíonn Merriman, Joyce agus Mac Mathúna ag plé leis an téama céanna sna samplaí seo. Bíonn na fir faoi smacht, smacht na mban, nó an é smacht gnéis atá i gceist? An bhfuil aon éalú as? Nó níos tábhachtaí fós an bhfuil éalú uathu? Bhí na fir ag fulaingt ina n-aonar trína bpianbhreitheanna, an é seo cás na bhfear go ginearálta? Agus cad faoi ghreann? Is lárach an ról atá ag greann sna scéalta ó thaobh an léitheora de, ach is léir go mbaineann na húdair féinig súp as aincheist an ghnéis, go háirithe i gcás an aonaráin.

—*An gceapann na húdair gurb é seo gnáthchóras na mban, go mbíonn ardphlean ann idir mná an domhain agus go bhfuil ar na fir bhochta a bheith ag fulaingt gan éalú as riamh agus a bheith sásta leis an stádas seo?*

Samhlaigh mná na hoíche ag fáil treoracha.

Bean an tí ag caint:

"Fan go bhfeicfidh mé anois cé atá ar ár liosta anocht a dheirfiúracha dílse. Tuigeann fir go bhfuil siad ina ndéithe beaga, ríthe na mban. Bhuel beidh cuairt trí ríthe orainn anocht a chailíní. Nach deas é sin dúinn… Uimhir a hAon ar mo liosta: **File éigin as Contae an Chláir, fear meidhreach mar a thugann sé air féin** – gan mórán suime aige i naofacht an chleamhnais. Bainfimidne port meidhreach as… agus cé eile a bheidh linn anocht…

Uimhir a dó: **Baile Átha Cliathach bocht ó uimhir 7, Sráid Eccles, an tUasal Bloom,**

Uasal? Ní dóigh liom é – nach mbíonn seisean i gcónaí ag aislingeacht faoi theacht chugainn? Bímid i gcónaí ina chuid brionglóide, an bithiúnach mallaithe. ...

Agus an tríú scúille: **Ciarraíoch, Tadhg Ó Catháin, mór as féin is cosúil, an saol is a mháthair in ord is in eagar aige siúd**, ha! An créatúr. Nach bhfuil an t-ádh dearg oraibh anocht a ríthe!

A Mháire, a Úna agus a Mhuireann, is libhse an File sin ó Chontae an Chláir.

A Mhollaí agus a Mhéabh agus a Shíle, is libhse an Baile Átha Cliathach.

A Róisín agus a Shaidhbhín, is libhse an Ciarraíoch. –

Cuirigí ag damhsa iad mar chailíní Riverdance!

Bronn an gnáthphionós orthu – pionós na bhfear!

agus an rud is mó is eol daoibh – Bainigí sult astu!"

"Iontach! Iontach!" a bhéiceann na foirne le chéile,

"Beidh spórt againn," a scread Saidhbhín, "an féidir fíorchéasadh a bheith againn, nach mbeidh triúr acu againn?"

"Céasadh céasadh céasadh na bhfear

cé a bheidh,

cé a bheidh,

cé a bheidh sa lár?

"An file!

An file!

An file sa lár," a screadann na mná d'aon guth.

“Fan soicind a dheirfiúracha dílse, beidh bhur siamsa agaibh cinnte,” a bhéiceann Aoibheall le scairt gáire, “ach tá fear óg eile díreach tar éis teacht ar mo liosta… mac léinn!… mac léinn darb ainm Marcus!

---

*A Mharcuis! A Mharcuis!*

*“Tá sé in am duit a bheith i do shuí anois, a chroí, táimid ag feitheamh ort!”*

—D’oscail an mac léinn caipíní a shúl go drogallach, ba ar éigean a scaradh sé a fhabhraí. Shleamhnaigh sé óna phluid agus óna bhraillíní taise a bhí i bhfostú le chéile i bpraiseach ar a leaba.

—*Cad é cúis na scréachaí seo, ar son Dé?*

*“A Mharcuis, anois díreach!”*

Sheas, é ag crith, é ag cur allais, ceann trom, pianta ina ghuaillí aige. Clúdach fuar dorchadais na maidine uime. Go tobann sháigh léas barbartha solais trí bhearna chúng na gcuirtíní ón éirí gréine, agus díreach ansin trí chuirtíní a shúl chun staidéir ar a reitiní nimhneacha.

—*Cad é cúis na póite seo? Ní rabhas ag ól aréir, an raibh? a dúirt leis féin.*

Chuala sé an bhéic arís.

*“Tar aníos ar an bpointe, tá bricfeasta déanta agam duit, béile breá istigh, sin atá uait, tús maith agus araile, tá tú ag cur ama amú anois”*

*“Ócé, ócé, ócé a Mham,” a liúigh sé, ach níor chuala ach guth lag mar ghrágaíl uaidh féin.*

An scréachach anois.

*“Bhí do chailín álainn Aoibheal ar an bhfón ‘s í buartha fút, beidh sí anseo i gcúig nóiméad! Tabharfaidh sise síob duit – mura mbeidh tú luath beidh tú trína chéile!!! Ná bí i d’amadán*

*arís! Tá sé tábhachtach dúinne go bhfaighidh tú torthaí arda an uair seo! An bhfuil orm teacht isteach agus tusa a tharraingt as an leaba sin mar pháiste!"*

*"Bloody mná, an bhfuil éalú uathu,"* a dúirt Marcus le cnead.

Chonaic sé na leabhair scaipthe timpeall, iad oscailte, na leathanaigh ag breathnú air, na leathanaigh ag gáire is ag magadh faoi, *Cúirt an Mheán Oíche* ina measc ag bagairt air, *Banana* bunoscionn, an diabhal *Ulysses*! *Ulysses* crib notes, aistí, achoimrí... *Gearrscéalta an Chéid*…

—*A Dhia cad é seo? Póit litríochta de shaghas éigin?*

Tháinig a smaointe le chéile, a mheabhair chuige trí cheo an chodlatáin.

— *"Íosa Chríost, tosaíonn mo scrúduithe inniu."*

*~ New York University*
*hilary.mhicsuibhne@nyu.edu*

*An tÚll Mór © 2012*